Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Aibreán 2020
(OR. en)

7218/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0059(COD)**

CODEC 256
PECHE 94
CADREFIN 69

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun tionchar ráig COVID-19 a mhaolú in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe **(an chéad léamh)**<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun an gníomh reachtach a ghlacadh<br>Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. An 2 Aibreán 2020, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagail 43(2) agus (175) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus tá sé beartaithe aige freagra a thabhairt go luath.

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt.

4. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ag an seisiún iomlánach a bheidh aici an 16-17 Aibreán 2020.

[1] 7153/20.

5. I bhfianaise na práinne a bhaineann leis na cúinsí eisceachtúla lena dtugtar bonn cirt leis na bearta atá beartaithe, ní fhéadfar an Rialachán a ghlacadh ach amháin tríd an nós imeachta i scríbhinn.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun:

– go nglacfar an dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun tionchar ráig COVID-19 a mhaolú in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe, mar a leagtar amach é in PE-CONS 9/20[2]; agus

– go nglacfar, ar bhonn Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, an maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach.

---

[2] beidh PE-CONS 9/20 ar fáil in am trátha.